CEACHT 31

# AN SÚ




**Pictiúr: Radharc**

Mamaí, Daidí, Páid, Bríd, Nóirín sa Sú, ainmhithe éagsúla, moncaí, leon, banana, bia, fear ag tabhairt bia don leon, an leon ina luí; eilifint, éin, carr le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

Céim 4: Sorcas (Ceacht 16), abhainn (Ceacht 33).

## CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

A **Cuntas Reatha**

An Satharn a bhí ann. Chuaigh Daidí, Mamaí agus na páistí go dtí an Sú. Chonaic siad na hainmhithe go léir. Thug Bríd banana don mhoncaí. Chuir an leon eagla uirthi. Thug fear bia dó. Luigh sé síos ansin.

B **Agallamh**

NÓIRÍN: Féach ar an eilifint ramhar, a Mhamaí.
PÁID: Ó ba mhaith liom suí ar a dhroim.
BRÍD: Agus ba mhaith liomsa na héin a fheiceáil.
DAIDÍ: Agus ba mhaith liomsa dul timpeall an tSú sa charr.

C **Cuntas Reatha**

Bhí an-spórt acu.

## CÉIM 2. AITHRIS

le chéile
i ngrúpaí
páistí aonair

## CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(Freagraí aonair a éileamh)

**(a) Spreagthaigh shúil (mar atá i gCéim 1);**

**(b) Spreagthaigh chluas:**

A An Domhnach a bhí ann? Cén lá a bhí ann
Céard a rinne an chlann?
Céard (cad) a chonaic siad?
Céard a rinne Bríd?
Bhí áthas uirthi an leon a fheiceáil? An raibh áthas uirthi an leon..
Thug an fear uisce don leon. Céard a thug an fear don leon
Céard a rinne an leon ansin?

B Feiceann tusa rud éigin, a "Nóirín"?
Ba mhaith leatsa rud éigin a dhéanamh, a "Pháid"?
Agus tusa, a "Bhríd"?
Agus tusa, a "Dhaidí"?

C Ní raibh aon spórt acu, is dócha?

## CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

(gramadach, deireanna)

freagraí aonair a éileamh
Fearas bhreise ag teastáil
Scríobhtear ar an gclár dubh é

A 1. *An Satharn* a bhí ann.
(*an Luan, an Mháirt*, etc.).

B 2. *Chonaic* siad na hainmhithe.
(*gach lá, amárach*; ní, an?: *inné*; ní, an?: *amárach*).

C 3. *Ba mhaith liom* na héin a fheiceáil.
Páistí éagsúla ag cur na ceiste *Ar mhaith leat . . .?*
Páistí eile ag freagairt *Ba mhaith liom . . .*

4. Chuaigh siad go dtí an *Sú*.
(*garáiste, sorcas, abhainn, trá*, etc.).

## CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal a chumadh (le cabhair míme nó geáitsíochta):
"Chuaigh na páistí in airde ar an eilifint" *nó* "Thit Nóirín amach as an gcarr . . ."
3. Páistí éagsúla ag cur síos ar lá a chaith siad féin sa Sú—páistí eile á gceistiú.
4. Comhrá ar an bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Obair Chruthaitheach .i. An Sú á "chruthú" ag na páistí; *nó* léiriú pictiúrtha ar an scéal.

**Rann Ceoil** (An ceol ar théip)

Tá na leanaí ag an Sú, ag an Sú, ag an Sú
Tá na leanaí ag an Sú, Daidí, is Páid is Nóirín

I

Mise an moncaí clic . . .
Mise an moncaí clic . . .
Is maith liom cnónna
Is maith liom bananaí
Clic, Clic, Clic

II

Mise an leon growl . . .
Mise an leon growl . . .
Is maith liom feoil
Is maith liom uisce
Growl, Growl, Growl

III

Mise an eilifint trump . . .
Mise an eilifint trump . . .
Is maith liom prátaí
Is maith liom uisce
Trump, Trump, Trump

Slán, slán leis an Sú, leis an Sú, leis an Sú,
Slán, slán leis an Sú a deir Daidí is Páid is Nóirín.